

ELeathanach225

Dé Luain 8 Feabhra 2016

Eolas faoi 1916 ó rang 6, Scoil Uí Riada, Co. Chill Dara

Ar scoil rinneamar taifead 1916. Tá gach duine gnóthach i rang a sé le tionscnamh 1916. Táimid go léir páirteach ann, agus beidh sé ar fheabhas.

Bhíomar ag obair ar an taifead seo ar feadh seachtaine. Thug daoine isteach rudaí éagsúla don taifead, éadaí, mar shampla. Bhí orainn an script a chruthú i ngrúpaí ar dtús!

Timpeall na tíre tá rudaí eile ag tarlú le haghaidh 1916. Beidh gach scoil timpeall na tíre ag ardú bhrat na hÉireann ar an 15ú Márta 2016 ar meán lae.

Ar Dhomhnach na Cásca beidh go leor eachtraí ar siúl. Beidh an forógra léite amach os comhair an GPO. Tar a éis sin, beidh nóiméad ciúnais againn. Ansin canfaimid an t-amhrán náisiúnta.

Tá an rialtas ag smaoineamh ar an Spire a thógáil anuas freisin. Ach beidh an costas air sin timpeall leathmhilliún euro! Tá sin an-daor ar fad! Bainigí taitneamh as comóradh 1916!



Grianghraf den GPO sa bhliain 1916.

Comórtas Idirnáisiúnta an Rugbaí.

Tá an comórtas bliantúil seo ar siúl arís. Dé Sathairn bhí cluiche an-chóngarach ar siúl i bPáras idir an Fhrainc agus an Iodáil. Bhí an bua ag an bhFrainc le dhá phointe (23 - 21). I nDún Éidin bhuaigh Sasana ar Alban (9 - 15).

Dé Domhnaigh bhí comhscór i mBaile Átha Cliath idir Éire agus An Bhreatain Bheag. Cluiche iontach a bhí ann.

An tseachtain seo chugainn beidh na hÉireannaigh ag imirt i bPáras.

Bhuaigh Éire an comórtas mór seo anuraidh agus an bhliain roimhe sin. Tá seans acu fós an comórtas a bhuanach toisc nár chaill siad i mBaile Átha Cliath, ach tá seans freisin ag an mBreatain Bheag, ag Sasana agus ag an bhFrainc!



Scórail Conor Murray an chéad úd sa chluiche!

Lá na bPancóg

Beidh Máirt na hInide ann an tseachtain seo. Go traidisiúnta ithimid a lán pancóg ar an lá sin.

Ansin tosóidh an Carghas. Maireann an Carghas daichead lá. Éiríonn a lán daoine as milseáin a ithe le linn an Charghais.

Ansin bíonn an Cháisc ann agus ithimid a lán uibheacha Cásca



Pancóga blasta!